



An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2025
(OR. en)

9447/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0651 (NLE)**

**ASILE 46
JAI 686
MIGR 193
COEST 412**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	4 Meitheamh 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 651 final
Ábhar:	Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 651 final.

Faoi iamh: COM(2025) 651 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 651 final

2025/0651 (NLE)

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

An 4 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 agus rinne sí Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 (an ‘Treoir um Chosaint Shealadach’) a ghníomhachtú le haghaidh catagóirí áirithe daoine a easáitíodh an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin, mar thoradh ar an ionradh míleata a rinne fórsaí armtha na Rúise ar an Úcráin a thosaigh an dáta sin. De bhun Airteagal 4(1) den Treoir um Chosaint Shealadach, cuireadh cosaint shealadach i bhfeidhm den chéad uair ar feadh tréimhse tosaigh bliana, go dtí an 4 Márta 2023, agus cuireadh síneadh bliana breise léi go huathoibríoch ansin go dtí an 4 Márta 2024.

Ó bhí an dáta sin ann, cuireadh síneadh breise le fad na cosanta sealadaí faoi dhó. An 19 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409 lenar cuireadh síneadh leis an gcosaint shealadach go dtí an 4 Márta 2025. An 25 Meitheamh 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1836 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach go ceann tréimhse bliana eile, go dtí an 4 Márta 2026.

Leis an Treoir um Chosaint Shealadach, leantar de chreat dlíthiúil fóna a sholáthar chun na caighdeáin chomhchuibhithe chéanna cosanta a áirithiú do na milliúin daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin chuig an Aontas. Ós rud é go bhfuil na cúiseanna le cosaint shealadach fós ann, mar gheall ar an staid luaineach leanúnach san Úcráin nach féidir teacht ar an gconclúid go fóill go bhfuil dálaí sábháilte marthanacha ann maidir le filleadh chomh maith leis an éiginnteacht leanúnach maidir leis an gcaoi a bhforbróidh an staid sa tír, tá an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle á chur i láthair ag an gCoimisiún in éineacht leis an togra chun síneadh bliana eile a chur leis an gcosaint shealadach, go dtí an 4 Márta 2027.

Is de chineál sealadach í an chosaint shealadach. Tráth éigin amach anseo, nuair a thiocfaidh athrú ar na himthosca agus nuair a bheidh cinnteacht leordhóthanach ann a bhuí leis sin maidir leis an staid san Úcráin, agus go háirithe nuair a thiocfar ar an gconclúid go bhfuil dálaí sábháilte marthanacha ann maidir le filleadh, beidh gá le deireadh a chur leis an gcosaint shealadach. Is gá a bheith réidh don athrú sin a luaith a thiocfaidh sé i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach an bealach a réiteach d’aistriú rianúil dea-chomhordaithe amach as cosaint shealadach a fhreastalóidh ar riachtanais na ndaoine atá ina gcónaí san Aontas, agus acmhainneacht agus riachtanais atógála na hÚcráine á gcur san áireamh ag an am céanna.

Gné dhílis den sainmhíniú ar chosaint shealadach is ea an gá atá le rioscaí do chórais náisiúnta tearmainn na mBallstát a sheachaint freisin, nach mbeadh in ann, murach sin, líon mór iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil gan an bonn a bhaint dá n-oibriú éifeachtúil. Tá an breithniú sin ríthábhachtach agus mapáil á déanamh ar an aistriú amach as cosaint shealadach chun a áirithiú go seachnófar drochthionchair ar chórais náisiúnta tearmainn dá gcuirfí deireadh leis an gcosaint shealadach amach anseo.

Tá gá ag an Aontas le cur chuige comhchoiteann don todhchaí. Ní mór don chur chuige atá againn cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna na mBallstát, na ndaoine a lorg tearmann san Aontas, agus na hÚcráine, agus intuarthacht, cobhsaíocht agus tionchar níos cothroime a chur ar fáil ar fud na mBallstát an tráth céanna. Le cur chuige comhchoiteann Eorpach, is

féidir linn freisin machnamh iomlán a dhéanamh ar thuairimí rialtas na hÚcráine agus ar riachtanais atógála na tíre.

Sa chomhthéacs sin, molann an Coimisiún sraith beart comhordaithe chun aistriú ó chosaint shealadach go stádais dhlíthiúla eile, agus chun tacú le daoine ar mian leo dul abhaile nuair is féidir sin. Dá mbeidís ar an eolas faoi cad a tharlóidh nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcosaint shealadach, dá gcuirfí deiseanna ar fáil dóibh chun leanúint de chónaí dlíthiúil san Aontas chomh maith le deiseanna chun filleadh abhaile, bheadh daoine a bhfuil cosaint shealadach acu in ann roghanna eolasacha a dhéanamh faoina dtodhchaí, agus deimhneacht dhlíthiúil maidir lena stádas á háirithiú ag an am céanna.

Bunaithe ar na breithnithe sin, molann an Coimisiún go ndéanfar sa Mholadh ón gComhairle ar cheithre shraith beart chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (1) an t-aistriú chuig stádais dhlíthiúla eile a chur chun cinn agus a éascú cheana féin roimh dheireadh na cosanta sealadaí;
- (2) an bealach a réiteach d'ath-imeascadh rianúil inbhuanaithe san Úcráin;
- (3) soláthar faisnéise do dhaoine easáitithe a áirithiú; agus
- (4) comhordú, faireachán agus malartú faisnéise a áirithiú i measc na mBallstát agus le húdaráis na hÚcráine.

Bearta chun an t-aistriú chuig stádais dhlíthiúla eile a chur chun cinn agus a éascú cheana féin roimh dheireadh na cosanta sealadaí

Gníomhachtaíodh cosaint shealadach ar dtús chun faoiseamh láithreach a sholáthar do dhaoine aonair a bhí ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, lena n-áirithítear nach gclisfeadh ar chórais tearmainn na mBallstát mar gheall ar líon mór iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus chun cosc a chur ar an riosca nach mbeadh na Ballstáit in ann iarratais a phróiseáil gan éifeachtaí díobhálacha ar a n-oibriú éifeachtúil, ar mhaithe leis na daoine atá cosaint á iarraidh acu. Tá roinnt mhaith daoine easáitithe a thairbhígh de chosaint shealadach san Aontas le roinnt blianta anuas, agus tá siad tar éis lánpháirtiú ina sochaithe óstacha tríd an teanga a fhoghlaim, fostaíocht a aimsiú agus clárú san oideachas.

Dá bhrí sin, b'iomchuí go dtabharfaí an deis do na daoine sin, agus go spreagfaí iad, aistriú go stádais dhlíthiúla náisiúnta lena léireofaí a staid iarbhrí san Aontas ar bhealach níos fearr. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin, mar shampla, ceadanna cónaithe bunaithe ar fhostaíocht, oideachas, taighde, cúiseanna teaghlaigh, nó stádas cónaitheora fhadtearmaigh náisiúnta i gcás inarb infheidhme. An tráth céanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh daoine eile ann nach dtagann faoi aon cheann de na ceadanna náisiúnta atá ann cheana. Tá roinnt Ballstát ag cruthú ceadanna 'omnibus', mar a thugtar orthu, a bhfuil sé beartaithe acu an cead céanna a sholáthar chun gach duine a thairbhíonn de chosaint shealadach a chumhdach, gan beann ar a n-imthosca aonair, agus a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát óstach ar feadh tréimhse áirithe ama ar a laghad. D'fhéadfadh na stádais náisiúnta sin níos mó cobhsaíochta a chur ar fáil ná an chosaint shealadach shínteach a chuirtear ar fáil gach bliain.

Ba cheart soláthar faisnéise a fhorbairt nó a fheabhsú freisin chun an t-aistriú sin chuig stádais eile a spreagadh, ós rud é go bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh na daoine a bhfuil cosaint shealadach acu na buntáistí a bhaineann le stádais den sórt sin agus a gcearta agus iad ag aistriú chuig ceadanna cónaithe den sórt sin chomh maith le hathdhearbhuithe a thairiscint go mbeidh roghanna malartacha ann chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta.

Chun tacú le haistriú daoine a bhfuil cosaint shealadach acu chuig stádais dhlíthiúla eile, agus chun roghanna malartacha a thairiscint dóibh sna himthosca eisceachtúla sin, ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt do dhaoine atá faoi chosaint shealadach, go háirithe i gcás nach féidir aistriú chuig stádais dhlíthiúla náisiúnta, agus a cháileodh murach sin do stádas eile bunaithe ar dhlí an Aontais¹, iarratas a dhéanamh ar údaruithe a rialaítear faoin Treoir maidir le Cárta Gorm², faoin Treoir maidir le Cead Aonair³ agus faoin Treoir maidir le Mic Léinn agus Taighdeoirí⁴. Is féidir é sin a dhéanamh ar choinníoll nach mbeadh an stádas sin acu i gcomhthráth le húdarú arna dheonú faoi na Treoracha sin.

Ba cheart do na Ballstáit daoine a bhfuil cosaint shealadach acu a chur ar an eolas, a luaithé agus is féidir agus tráth an iarratais ar údarú ar a dhéanaí, faoin difríocht idir na cearta a thugtar faoi chosaint shealadach agus faoi na Treoracha sin. Ba cheart dóibh iad a chur ar an eolas freisin, a luaithé agus is féidir agus tráth an iarratais ar a dhéanaí, nach féidir leo tairbhiú de chosaint shealadach agus údarú a bheith deonta dóibh faoi na Treoracha sin i gcomhthráth.

Bearta chun an bealach a réiteach d'ath-imeascadh rianúil inbhuanaithe san Úcráin

Ós rud é go bhfuil na Ballstáit réidh chun deireadh a chur de réir a chéile leis an gcosaint shealadach ar deireadh, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go ndéanfar filleadh abhaile agus ath-imeascadh san Úcráin ar bhealach ordúil daonnúil, ag tacú leo siúd atá toilteanach agus in ann filleadh ar an Úcráin, agus a n-imthosca éagsúla aonair á gcur san áireamh ag an am céanna. Go deimhin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé beartaithe ag cuid acu filleadh abhaile sa ghearrthéarma ach d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ama ag teastáil ó dhaoine eile, i bhfianaise a n-imthosca sonracha.

Thairis sin, fiú i gcás síochána, beidh am ag teastáil ón Úcráin chun a hacmhainneacht a atógáil chun fáilte a chur roimh na daoine sin uile a easáitíodh de dheasca an chogaidh. Tá a caipiteal daonna de dhíth ar an Úcráin agus tá sí ag obair chun na dálaí a áirithiú chun filleadh mhuintir na hÚcráine atá á n-óstáil san Aontas a éascú. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, machnamh a dhéanamh ar chumas na hÚcráine iad siúd uile a easáitíodh de dheasca an chogaidh a ath-imeascadh ar bhealach inbhuanaithe. Chun cuidiú leis an Úcráin ina hiarrachtaí, ba cheart an próiseas a bhainistiú de réir a chéile, agus ba cheart dúshlán na hÚcráine a chur san áireamh ann go háirithe chun freastal ar riachtanais speisialta daoine leochaileacha. Leis an Treoir um Chosaint Shealadach, soláthraítear roinnt forálacha lena dtugtar deiseanna chun aghaidh a thabhairt ar na cineálacha cásanna sin.

¹ Níl feidhm ag Treoracha an Aontais i ndáil le himirce dhleathach maidir le náisiúnaigh tríú tír ar an mbonn amháin gur daoine iad atá faoi chosaint shealadach i gcomhréir le Treoir 2001/55/CE ón gComhairle i mBallstát.

² Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta dár gá ardcháilíochtaí, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle (IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32021L1883>).

³ Treoir (AE) 2024/1233 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír ar a bhfuil cónaí dleathach i mBallstát (IO L 2024/1233, 30.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401233).

⁴ Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe i gcás náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéar, oiliúna, seirbhíse deonaí, scéimeanna malartaithe daltaí, tionscadal oideachais agus socrúchán au pair (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj>).

Le hAirteagal 21(1) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun filleadh deonach daoine a bhfuil cosaint shealadach acu nó a bhfuil deireadh tagtha lena gcosaint shealadach a chumasú, chun a bhfillleadh a éascú, agus lánurraim á tabhairt do dhínit an duine. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit **cuariteanna taiscéalaíocha féinchistithe ar an Úcráin** a cheadú. D'fhéadfadh na cuairteanna taiscéalaíocha sin oibriú mar bhearta forbartha muiníne do dhaoine a bhfuil cosaint shealadach acu agus iad ag smaoineamh ar dhul abhaile, rud a chuideoidh leo cinntí eolasacha a dhéanamh a thacaíonn le hinbhuanaitheacht a bhfillte ar an Úcráin. Is féidir le cuairteanna taiscéalaíocha cuidiú leo a dteaghlaigh nó a réadmhaoin a sheiceáil, measúnú a dhéanamh ar an leibhéal scríosta ina bpobail, agus go ginearálta, ar na dálaí foriomlána ina dtír bhaile.

I gcomhthéacs aistriú rianúil amach as cosaint shealadach, ba cheart do na Ballstáit cur chuige níos struchtúrtha a chur ar bun chun cuairteanna taiscéalaíocha a chur chun cinn. Tá sé fíor-riachtanach, áfach, i gcás ina gceadóidh na Ballstáit cuairteanna taiscéalaíocha, go ndéanfar paraiméadair, coinníollacha agus ceanglais na gcuariteanna sin a bhunú, a chomhordú le Ballstáit eile agus a chur in iúl ar bhealach trédhearcach. Ba cheart do na Ballstáit pointí teagmhála a chur ar bun chun na críche deiridh sin. Tá sé tábhachtach a mheas freisin go bhféadfadh cosaint shealadach a bheith ag daoine nach mbeidh in ann na cuairteanna taiscéalaíocha a eagrú agus a mhaoiniú astu féin, agus sa chás sin féadfaidh an Ballstát breithniú a dhéanamh ar chuairteanna taiscéalaíocha den sórt sin a eagrú agus tacú leo.

Mar chuid de na bearta chun filleadh deonach daoine a bhfuil cosaint shealadach acu a chumasú, ba cheart do na Ballstáit **cláir um fhilleadh deonach** a chur ar bun. Ní mheasfar iad sin a bheith ina gcláir faoin Treoir um Fhilleadh, ós rud é go bhfuil na daoine lena mbaineann ina gcónaí go dleathach sa Bhallstát óstach go dtí deireadh na cosanta sealadaí agus, dá bhrí sin, nach bhfuil gá le haon chinneadh um fhilleadh. Ina ionad sin, is cláir iad sin lena bhféadfaí filleadh abhaile go hinbhuanaithe, de réir a chéile agus go hordúil dóibh siúd a bhí cumhdaithe roimhe sin le cosaint shealadach sa Bhallstát, agus riachtanais agus acmhainneacht na hÚcráine agus na ndaoine easáitithe á gcur san áireamh.

I bhfianaise chastacht na staide agus ag féachaint dóibh siúd atá fós ann, lena n-áirítear daoine easáitithe ina dtír féin, ba cheart cláir um fhilleadh deonach a cheapadh d'fhonn seasamh leis an gcomhtháthú sóisialta san Úcráin agus, dá bhrí sin, tairbhí a thabhairt don phobal áitiúil seachas iad a bheith i bhfoirm pacáistí sochair saincheaptha don duine aonair. Ar an gcúis sin, bheadh dlúthchomhar le húdarais na hÚcráine bunúsach agus na cláir um fhilleadh deonach sin á gceapadh agus á gcur chun feidhme.

Beidh ról ríthábhachtach ag an gCreat Infheistíochta don Úcráin⁵ maidir le caipiteal daonna a chaomhnú agus dálaí a chruthú don fhilleadh. Is earnálacha tosaíochta iad an t-oideachas, an tithíocht, an cúram sláinte, an geilleagar cúraim agus an chosaint shóisialta. Tacaíonn tionscadail leanúnacha le bonneagar bardasach a athbhunú agus cuidíonn siad le gnólachtaí atá thíos leis an gcogadh a mhaoiniú. Tacóidh cláir infheistíochta nua a ghlacfar i mí an Mhárta 2025 le riachtanais tithíochta agus áireofar sna glaonna a dhéanfar amach anseo

⁵ Tá an Creat Infheistíochta don Úcráin (UIF) mar chuid den tSaoráid don Úcráin dar luach EUR 50 billiún, a ceapadh chun infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a mhealladh le haghaidh théarnamh agus atógáil na hÚcráine. Tá ionstraimí airgeadais dar luach EUR 9,3 billiún san iomlán bronnta air, is é sin le rá EUR 7,8 billiún i ráthaíochtaí iasachta agus EUR 1,5 billiún i maoiniú cumaiscthe. Is é is aidhm dó EUR 40 billiún d'infheistíochtaí a shlógadh don téarnamh, don atógáil agus don nuachóiriú.

rochtain ar mhaoiniú agus ar phoist do ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear fillithe. Ba cheart na cláir um fhilleadh deonach sin a bheith cuimsitheach agus curtha in iúl go maith. Ba cheart do na Ballstáit na coinníollacha incháilitheachta a bhunú chun tairbhiú de na cláir sin. Chun rioscaí mí-úsáide a d'fhéadfadh a bheith ann a theorannú, ba cheart a cheangal ar dhaoine a chinneann tairbhiú de na cláir sin clárú i gclár um fhilleadh deonach.

Ba cheart fad teoranta agus seasta a bheith ag cláir um fhilleadh deonach arna gcur ar bun ag na Ballstáit tar éis deireadh a bheith curtha leis an gcosaint shealadach. Bheadh sé tábhachtach comhordú a dhéanamh i measc Bhallstáit an Aontais agus le húdaráis na hÚcráine maidir le fad tosaigh na gclár um fhilleadh deonach. Chuideodh fad a d'fhéadfadh a bheith suas le bliain amháin le comhordú le húdaráis na hÚcráine chun freastal ar riachtanais na ndaoine lena mbaineann agus iad ag ath-imeascadh sna pobail san Úcráin, amhail cóiríocht nó titheocht a shainaithint, fostaíocht, nó rochtain ar sheirbhísí bunúsacha agus ar bhonneagair bhunúsacha, lena n-áirítear cúram leighis.

Ós rud é go bhféadfadh athrú teacht ar na himthosca ar an láthair idir seo agus deireadh na cosanta sealadaí, ba cheart do na Ballstáit comhordú a dhéanamh eatarthu féin agus le húdaráis na hÚcráine freisin maidir le fad na gclár um fhilleadh deonach, agus maidir le tréimhse éagsúil nó shínithe a leagan amach le haghaidh imeacht deonach faoi na cláir um fhilleadh deonach mura leordhóthanach an t-am dá bhforáiltear chun ath-imeascadh de réir a chéile agus inbhuanaithe san Úcráin a áirithiú.

Thairis sin, ceadaítear le hAirteagal 21(3) den Treoir *sintí aonair* a chur le hoibleagáidí na mBallstát dóibh siúd a chumhdaítear le cosaint shealadach agus a thairbhíonn de chlár um fhilleadh deonach. Chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le sintí aonair cás ar chás a éascú, ba cheart do na Ballstáit, mar réamhshocrú, na cearta uile a ghabhann le cosaint shealadach a leathnú chuig iad sin atá cláraithe sa chlár um fhilleadh deonach, i gcomhréir le hAirteagal 21(3), go dtí an dáta a fhilleann siad ar an Úcráin nó go dtí deireadh na tréimhse le haghaidh imeacht deonach faoin gclár. Ina theannta sin, chun leanúnachas a áirithiú agus chun cásanna a sheachaint ina mbeadh na daoine a thairbhígh de chosaint shealadach ag fanacht go neamhdhleathach díreach tar éis dheireadh na cosanta sealadaí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le daoine a thairbhígh de chosaint shealadach cónaí go dleathach ar chríoch an Bhallstáit sa tréimhse idir deireadh na cosanta sealadaí agus an tréimhse ama inar féidir leis na daoine sin clárú sa chlár um fhilleadh deonach.

Tá forálacha sa Treoir freisin maidir le cásanna ina bhféadfadh sé nach mbeadh daoine in ann fillleadh mar gheall ar imthosca sonracha, is é sin a sláinte. De bhun Airteagal 23(1) den Treoir, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá maidir le coinníollacha cónaithe daoine a bhfuil cosaint shealadach acu agus nach féidir a bheith ag súil leis go réasúnta, i bhfianaise a sláinte, go dtaistealóidh siad, mar shampla, i gcás ina mbeadh éifeachtaí tromchúiseacha diúltacha acu dá gcuirfí isteach ar a gcóireáil. Leis an mbeart sin, dhéanfaí foráil maidir lena gcónaí dlíthiúil leanúnach agus líontán sábhála do dhaoine aonair a gcuireann a sláinte nó a ndálaí pearsanta eile cosc orthu taisteal.

Mar gheall ar éifeachtaí an chogaidh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Úcráin in ann freastal ar riachtanais daoine a bhfuil roinnt leochaileachtaí sonracha acu freisin seachas an tsláinte ag deireadh na cosanta sealadaí. Agus inspioráid á fáil ó Airteagal 23(1) den Treoir, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun roghanna a sholáthar chun leanúint den chónaí dlíthiúil freisin do dhaoine leochaileacha eile nach gcumhdaítear leis an aistriú chuig stádais eile nó leis an deis a thairgtear cheana leis an Treoir faoi Airteagail 21 agus 23, a bhféadfadh sé nach gceadófaí fillleadh ina gcás aonair (mar shampla, toisc go bhfuil cineálacha eile leochaileachtaí acu nach

bhfuil an Úcráin in ann freastal orthu díreach tar éis deireadh a theacht leis an gcosaint shealadach). Rannchuideodh sé sin freisin le haistriú inbhuanaithe, de réir a chéile agus ordúil do na daoine atá i ngátar agus don Úcráin araon.

Thairis sin, faoi Airteagal 23(2) den Treoir um Chosaint Shealadach, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do theaghlaigh ar mionaoisigh iad a leanaí agus a fhreastalaíonn ar scoil i mBallstát tairbhiú de choinníollacha cónaithe lena gceadaítear do na leanaí lena mbaineann an tréimhse scoile leanúnach a chur i gcrích. Ba cheart úsáid na forála sin a spreagadh.

Bearta chun soláthar faisnéise do dhaoine easáitithe a áirithiú

Ceanglaítear le go leor de na bearta a leagtar amach thuas go gcuirfí daoine easáitithe ar an eolas go cuí chun cuidiú leo roghanna eolasacha a dhéanamh agus láneolas acu ar na fíorais. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit na struchtúir agus na nósanna imeachta is gá ar bun, lena n-áirítear trí fheachtais faisnéise, agus úsáid na n-uirlisí agus na mbealaí atá ann cheana a uasmhéadú ag an am céanna chun dúbláil iarrachtaí a sheachaint.

Ina theannta sin, tar éis thionscnamh⁶ Aire Aontachta Náisiúnta na hÚcráine moil sna Ballstáit a chur ar bun chun nasc a choinneáil le hÚcránaigh atá ina gcónaí thar lear, léirigh roinnt Ballstát spéis agus tá siad i mbun Moil Aontachta a bhunú ar a gcríoch faoi láthair.

Beidh na Moil Aontachta sin ina n-ionaid faisnéise ilchuspóireacha chun daoine easáitithe a ath-imeascadh sna sochaithe óstacha agus chun filleadh ar an Úcráin. Sa chomhthéacs sin, agus chun iarrachtaí leanúnacha a chuíchóiriú, d'fhéadfaí na Moil Aontachta sin a úsáid freisin chun faisnéis a sholáthar maidir le haistriú chuig stádaí náisiúnta, cuairteanna taiscéalaíochta ar an Úcráin agus clár um fhilleadh deonach, chun cuidiú lena ráthú go bhfuil láneolas ar na fíorais ag daoine easáitithe agus aon chinneadh á dhéanamh acu, i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle.

Chun tacú le bunú Mol Aontachta, féadfaidh na Ballstáit a gclár faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) a úsáid, lena n-áirítear na leithdháiltí breise a eascraíonn as an athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus as an athbhreithniú meántearma ar chlár náisiúnta. Féadfaidh siad tacaíocht a fháil freisin ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó thríú tíortha chun na críche sin agus moltar dóibh an t-eolas, na hacmhainneachtaí agus na líonraí a thairgeann na heagraíochtaí sin a ionchorprú ina bpleananna aonair chun beatha a thabhairt do choincheap an Mhoil Aontachta.

Bearta chun comhordú, faireachán agus malartú faisnéise a áirithiú i measc na mBallstát agus le húdaráis na hÚcráine

Tá sé rithábachtach cur chuige comhordaithe a áirithiú i measc na mBallstát agus le húdaráis na hÚcráine maidir le cur chun feidhme na mbeart atá beartaithe. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit struchtúir atá ann cheana a úsáid chun comhordú a dhéanamh, chun faisnéis a mhalartú agus chun faireachán a dhéanamh ar an staid ar an láthair, lena n-áirítear san Ardán Dlíthpháirtíochta, a dtabharfar cuireadh d'údaráis na hÚcráine freastal air, de réir mar is gá.

Cé go n-ullmhaíonn Eurostat an staidreamh Eorpach oifigiúil maidir le cosaint shealadach, chun léiriú staide tráthúil a áirithiú chun críoch oibríochtúil, ceanglaítear ar na Ballstáit a gcuid sonraí a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta ar an Ardán um Chlárú le haghaidh Cosaint Shealadach, lena n-áirítear figiúirí maidir le clárúcháin neamhghníomhacha. Ós rud é

⁶ Rialachán 2113 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an Eanáir 2025

go dtiocfaidh athruithe móra ar stádas daoine easáitithe mar thoradh ar an aistriú amach as cosaint shealadach, tá sé fíor- riachtanach léargas cruinn agus cothrom le dáta a bheith ann ar an staid atá ag teacht chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit sonraí cruinne tráthúla a uaslódáil go tráthrialta san Ardán um Chlárú le haghaidh Cosaint Shealadach, lena n-áirítear figiúirí maidir le clárúcháin neamhghníomhacha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is aidhm don togra seo an bealach a réiteach d'aistriú amach as cosaint shealadach ar bhealach comhordaithe agus é a chur ar a gcumas do na Ballstáit na chéad chéimeanna eile a ullmhú roimh ré, agus soiléireacht a thabhairt ag an am céanna maidir lena stádas dlíthiúil do na daoine a theith ón gcogadh san Úcráin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tacaíonn an togra seo leis na Ballstáit riachtanais na ndaoine sin a theith ón gcogadh san Úcráin a chomhlíonadh agus cúnamh a thabhairt don Úcráin ina hiarrachtaí chun na daoine atá ag filleadh abhaile a ath-imeascadh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 78(1), Airteagal 79(1), chomh maith leis an gcéad abairt agus an dara habairt d'Airteagal 292, lena gcuirtear é ar a cumas don Chomhairle moltaí a ghlacadh. De réir na forála sin, gníomhóidh an Chomhairle ar thogra ón gCoimisiún i ngach cás ina bhforáiltear sna Conarthaí go nglacfaidh sí gníomhartha ar thogra ón gCoimisiún.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Le Teideal V de CFAE maidir leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, tugtar cumhachtaí áirithe don Aontas Eorpach i leith na n-ábhar sin. Ní mór na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i.e. murar féidir, agus a mhéid nach féidir, leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta atá beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar, agus dá bhrí sin, gur fearr is féidir leis an Aontas Eorpach iad a ghnóthú de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe.

An staid san Úcráin mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise, tá tionchar aici fós ar an Aontas ina iomláine. Mar gheall air sin, thug an tAontas Eorpach freagairt aontaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Léiríonn sé sin go bhfuil gá fós le réitigh ón Aontas agus le tacaíocht ón Aontas chomh maith le comhordú láidir ar leibhéal an Aontais, ós rud é go bhfuil gá leanúnach ann do na Ballstáit uile an staid a fhreagairt go héifeachtach le chéile agus a áirithiú go gcuirfear na caighdeáin chéanna agus sraith chomhchuibhithe ceart i bhfeidhm ar fud an Aontais le haghaidh an 4,3 milliún duine atá á n-óstáil san Aontas faoi láthair.

Is léir nach féidir le gníomhaíochtaí a dhéanann Ballstáit aonair aghaidh a thabhairt go sásúil ar an ngá atá le cur chuige comhchoiteann de chuid an Aontais maidir leis an aistriú amach as cosaint shealadach, rud atá ina dhúshlán coiteann don Aontas ina iomláine, ós rud é go mbeidh tionchar ag gníomhaíochtaí aonair a dhéanfaidh Ballstát amháin, lena n-áirítear i dtéarmaí gluaiseachtaí tánaisteacha a d'fhéadfadh a bheith ann, i mBallstáit eile. Tá gá le cur chuige comhchoiteann, nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go leordhóthanach ina n-aonar agus a éilíonn úinéireacht chomhchoiteann na mBallstát agus, de bharr fhairsinge

agus éifeachtaí an Mholta bheartaithe seo ón gComhairle, is fearr is féidir é a bhaint amach agus a chomhordú ar leibhéal an Aontais, mar a léiríonn na Ballstáit féin freisin. Dá bhrí sin ní mór don Aontas gníomhú, agus féadfaidh sé bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

- **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, déantar foráil sa Mholadh ón gComhairle atá bheartaithe maidir le haistriú comhordaithe amach as cosaint shealadach, ar mhaithe leis na daoine easáitithe lena mbaineann agus chun éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag cuir chuige éagsúla nó neamhréireacha arna nglacadh ag Ballstáit aonair a sheachaint. Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun na cuspóirí atá bheartaithe a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is togra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle é rogha na hionstraime, lena bhféadfaí foráil a dhéanamh maidir le cur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais lena n-áiríteofaí úinéireacht chomhchoiteann bhearta na mBallstát agus an tacaíocht is gá ó institiúidí an Aontais.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

[n/b]

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chun faisnéis fhianaisebhunaithe a bhailiú, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go tráthrialta le húdaráis na mBallstát, le Gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, le húdaráis na hÚcráine agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus malartuithe le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta á gcoinneáil ar bun ag an am céanna.

Chuaigh an Coimisiún, i gcomhar le huachtaránachtaí rothlacha Chomhairle an Aontais Eorpaigh, i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le todhchaí na cosanta sealadaí i bhfóraim éagsúla agus roinnt uaireanta, lena n-áirítear i gCoiste Straitéiseach na Comhairle um Inimirce, Teorainneacha agus Tearmann (SCIFA), sa Mheitheal um Thearmann agus sa Mheitheal um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt, i mí Aibreáin 2024. Ansin, chuir na Ballstáit i dtábhacht an gá atá le cur chuige comhordaithe a sholáthar ar leibhéal an Aontais maidir leis an aistriú amach as cosaint shealadach a bheadh ag gabháil leis an síneadh breise ar an stádas go dtí mí an Mhárta 2027 chun an t-am is gá a ráthú le haghaidh cur chuige de réir a chéile, agus soiléireacht á soláthar ag an am céanna do dhaoine easáitithe san Aontas.

Ag cruinniú SCIFA an 10 Aibreán 2025, chuir na Ballstáit in iúl freisin go dtacaíonn siad leis an aistriú amach as cosaint shealadach le bheith i bhfoirm Moladh ón gComhairle, lena gcomhdaítear ar a laghad an t-aistriú chuig stádaí dhlíthiúla eile agus bearta chun filleadh ar an Úcráin de réir a chéile a áirithiú, chun úinéireacht chomhchoiteann na mBallstát a ráthú. I gcomhthráth, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go tráthrialta leis na Ballstáit is mó atá buailte ag óstáil líon mór daoine easáitithe ón Úcráin ar a gcríoch.

Tionóladh plé comhlántach san Ardán Dlíthpháirtíochta, inar athdhearbhaigh na Ballstáit an gá atá le cur chuige comhordaithe maidir leis an aistriú amach as cosaint shealadach atá solúbtha agus coiteann ar an leibhéal Eorpach. I gcomhthráth, bhí teagmháil tráthrialta ag an gCoimisiún le húdaráis na hÚcráine chun tuiscint níos fearr a fháil ar a riachtanais. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir um Chosaint Shealadach, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go sonrach le UNHCR, a raibh measúnú á dhéanamh aige ar an gcás agus a sholáthair ionchur ábhartha, rud a d'fhág go raibh gá le freagairt chomhchoiteann ar leibhéal an Aontais lena n-áiríteofaí soiléireacht a sholáthar agus cearta agus réitigh chuí do dhaoine easáitithe.

I mí an Mhárta 2025, d'fhoilsigh 109 n-eagraíocht dhaonnúla agus sochaí sibhialta ráiteas comhpháirteach⁷ maidir le staid na ndaoine easáitithe ón Úcráin faoi seach, ina n-iarrtar ar an gCoimisiún a mholadh go gcuirfí sineadh breise leis an gcosaint shealadach go dtí mí an Mhárta 2027, agus soiléireacht á tabhairt ag an am céanna maidir lena bhfuil i ndán do chosaint shealadach agus stádas cónaithe do dhaoine a easáitíodh ón Úcráin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

[n/b]

- **Measúnú tionchair**

[n/b]

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

[n/b]

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail in Airteagail 1, 7, 18, 19, 24, 25 agus 26 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 maidir le stádas dídeanaithe, arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ó thús chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, freastalaíodh ar riachtanais chistiúcháin a bhaineann le cur i bhfeidhm na Treorach um Chosaint Shealadach laistigh de bhuiséad ionstraimí cistiúcháin an Aontais atá ann cheana faoin tréimhse 2014-2020 agus 2021-2027, go háirithe faoi Chistí Gnóthaí Baile ábhartha agus faoin mBeartas Comhtháthaithe⁸.

Ina theannta sin, cuireadh EUR 400 milliún ar fáil faoi Shaoráid Théamach AMIF agus faoi Saoráid Théamach an Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha le haghaidh cúnamh

⁷ 3 bliana ó cuireadh an Treoir um Chosaint Shealadach i ngníomh: ó réitigh éigeandála go réitigh níos fadtéarmaí.

⁸ Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip, an pacáiste ar a dtugtar 'CARE' (CARE, CARE plus agus Fast-CARE)

éigeandála chun tacú leis na Ballstáit is mó a ndéanann mórfhlódú isteach daoine easáitithe ón Úcráin difear dóibh⁹.

In Earrach 2025, d'fhógair an Coimisiún go gcuirfear EUR 3 bhilliún ar fáil chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do na Ballstáit go dtí deireadh 2027 chun an Comhshocrú a chur chun feidhme agus chun tairbhíthe cosanta sealadaí ón Úcráin a óstáil. Féadfaidh na Ballstáit leithdháiltí a úsáid freisin ar cháiligh siad ina leith san athbhreithniú meántearma ar AMIF chun riachtanais a bhaineann le cosaint shealadach a chumhdach.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

[n/b]

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

[n/b]

⁹ Leithdháileadh cúnamh éigeandála ar dheich mBallstát (PL, CZ, RO, HU, LT, LV, EE, BG, SK agus CY).

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 78(1) agus 79(1) agus (292) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An chosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh mar gheall ar fhogha míleata na Rúise a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle agus ar cuireadh síneadh léi le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409 ón gComhairle¹⁰, (AE) 2024/1836¹¹ agus (AE) 2025/...¹², tá sí i bhfeidhm go dtí an 4 Márta 2027. Cé gur léiriú í i gcónaí ar aontacht agus ar dhlúthpháirtíocht an Aontais le muintir na hÚcráine, is de chineál sealadach í an chosaint shealadach. Is gá, dá bhrí sin, an bealach a réiteach le haghaidh aistriú de réir a chéile, inbhuanaithe agus dea-chomhordaithe as an stádas sin, tráth a mbeidh na dálaí san Úcráin fabhrach chun deireadh a chur leis an gcosaint shealadach, agus riachtanais acmhainneachta agus atógála na hÚcráine á gcur san áireamh ag an am céanna.
- (2) I gcomhthéacs an phlé maidir le todhchaí na cosanta sealadaí, d'iarr na Ballstáit go mbeadh cur chuige comhordaithe den sórt sin ann ar leibhéal an Aontais. Chun cur leis an taithí a fuair na Ballstáit tar éis Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a ghníomhachtú, tá sé ríthábhachtach úinéireacht chomhchoiteann agus freagracht chomhroinnte a ráthú i measc na mBallstát uile ar leibhéal an Aontais le linn an phróisis sin.
- (3) A áirithiú go mbeadh córais tearmainn na mBallstát in ann freastal ar an éileamh agus go mbeidís in ann líon mór iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil gan éifeachtaí díobhálacha a bheith acu ar a n-oibriú éifeachtúil, ar mhaithe leis na daoine a iarrann cosaint, bhí sé ar cheann de na cuspóirí a bhain le Treoir 2001/55/CE a ghníomhachtú. Tá an t-ábhar sin fós ríthábhachtach agus an t-aistriú amach as cosaint shealadach á mhapáil. Thairis sin, fiú i gcás síochána, beidh am ag teastáil ón Úcráin chun a

¹⁰ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2023 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (IO L 2023/2409, 24.10.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202302409)

¹¹ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1836 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2024 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (IO L 2024/1836, 3.7.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401836)

¹² Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/... ón gComhairle an... lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (IO L, ..., ELI: ...).

hacmhainneacht a atógáil chun go mbeidh na daoine sin uile a easáitíodh de dheasca an chogaidh in ann filleadh uirthi. Chun tacú leis an Úcráin ina hiarrachtaí na daoine easáitithe a ath-imeascadh, tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfar an próiseas a bhainistiú ar bhealach solúbtha, de réir a chéile agus i bhfianaise staideanna aonair na ndaoine lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart don aistriú sin freastal ar riachtanais na ndaoine sin a fhaigheann cosaint shealadach faoi láthair agus ar riachtanais na hÚcráine, agus sláine chórais tearmainn na mBallstát á caomhnú an tráth céanna.

- (4) Tá roinnt mhaith daoine easáitithe a thairbhígh de chosaint shealadach san Aontas le roinnt blianta anuas, agus tá siad tar éis imeascadh ina sochaithe óstacha tríd an teanga a fhoghlaim, fostaíocht a aimsiú, agus clárú san oideachas. Is iomchuí, dá bhrí sin, go dtabharfaí an deis dóibh aistriú chuig stádais dhlíthiúla náisiúnta lena léirítear ar bhealach níos fearr a staid iarbhrí san Aontas anois, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha chun leanúint de chónaí dlíthiúil ar fhoras eile. D'fhéadfadh, mar shampla, ceadanna cónaithe bunaithe ar chúiseanna fostaíochta, oideachais, taighde nó teaghlaigh a bheith i gceist leo sin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit an t-aistriú sin a chur chun cinn agus a éascú, lena n-áirítear trí fhaisnéis shoiléir a sholáthar chun cuidiú le daoine lena mbaineann na buntáistí agus na cearta a thugtar leis na ceadanna cónaithe sin a thuiscint, i gcomparáid le cosaint shealadach agus cosaint idirnáisiúnta.
- (5) I bhfianaise tacú le haistriú daoine a bhfuil cosaint shealadach acu chuig stádais dhlíthiúla eile agus roghanna malartacha a thairiscint dóibh sna himthosca eisceachtúla sin, ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt do dhaoine atá faoi chosaint shealadach, go háirithe i gcás ina bhféadfadh sé nach mbeadh rochtain ar stádais náisiúnta indéanta, agus a cháileodh murach sin do stádas eile bunaithe ar dhlí an Aontais, iarratas a dhéanamh ar údaruithe a rialaítear faoi Threoracha (AE) 2016/801¹³, (AE) 2021/1883¹⁴ agus (AE) 2024/1233¹⁵ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Is féidir é sin a dhéanamh ar choinníoll nach mbeadh a stádas cosanta sealadaí agus údarú arna dheonú faoi na Treoracha sin acu i gcomhthráth. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit daoine a bhfuil cosaint shealadach acu a chur ar an eolas, a luaithe is féidir agus tráth an iarratais ar údarú ar a dhéanaí, faoin difríocht idir na cearta a thugtar faoin stádas cosanta sealadaí agus faoi na Treoracha sin. Ba cheart dóibh iad a chur ar an eolas freisin, a luaithe agus is féidir agus tráth an iarratais ar a dhéanaí, nach féidir leo tairbhiú de chosaint shealadach agus údarú a bheith deonta dóibh faoi na Treoracha sin i gcomhthráth.
- (6) Chun go mbeidh na Ballstáit réidh chun deireadh a chur de réir a chéile leis an gcosaint shealadach ar deireadh, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go ndéanfar filleadh abhaile agus ath-imeascadh san Úcráin ar bhealach ordúil daonnúil, agus imthosca

¹³ Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe i gcás náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéar, oiliúna, seirbhíse deonaí, scéimeanna malartaithe daltaí, tionscadal oideachais agus socrúchán au pair (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj>).

¹⁴ Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta dár gá ardcháilíochtaí, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle (IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32021L1883>).

¹⁵ Treoir (AE) 2024/1233 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oirbhithe tríú tír ar a bhfuil cónaí dleathach i mBallstát (IO L 2024/1233, 30.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401233).

éagsúla aonair na ndaoine easáitithe á meas, ag tacú leo siúd atá toilteanach agus in ann filleadh ar an Úcráin. Cé go bhféadfadh sé go mbeadh sé beartaithe ag cuid acu filleadh abhaile sa ghearrthearma, d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ama ag teastáil ó dhaoine eile, i bhfianaise a n-imthosca sonracha. Tá sé tábhachtach freisin machnamh a dhéanamh ar chumas na hÚcráine na daoine uile a easáitíodh mar gheall ar an gcogadh a ath-imeascadh ar bhealach inbhuanaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh lena réiteofar an bealach d'ath-imeascadh rianúil inbhuanaithe san Úcráin agus na breithnithe sin uile á gcur san áireamh trí leas iomlán a bhaint as na huirlisí dá bhforáiltear cheana in Airteagail 21 agus 23 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle agus trí na huirlisí sin a leathnú.

- (7) Ba cheart dóibh siúd atá ag smaoineamh ar fhilleadh ar an Úcráin a bheith in ann cinntí eolasacha a dhéanamh, rud a thacódh freisin le hinbhuanaitheacht a bhfillte. I gcomhthéacs aistriú rianúil amach as cosaint shealadach, ba cheart do na Ballstáit cur chuige níos struchtúrtha a chur ar bun chun cuairteanna taiscéalaíocha féinchistithe a chur chun cinn, dá bhforáiltear in Airteagal 21(1) de Threoir 2001/55/CE. D'fhéadfadh na cuairteanna sin a bheith ina mbeart forbartha muiníne do dhaoine a bhfuil cosaint shealadach acu toisc go mbeadh siad in ann a dteaghlach nó a réadmhaoin a sheiceáil, nó an leibhéal scriosta ina bpobail, agus na dálaí foriomlána go ginearálta san Úcráin a mheas. Chun éifeachtacht na gcuariteanna sin a mhéadú agus chun mí-úsáid a chosc, ba cheart do na Ballstáit paraiméadair, coinníollacha agus ceanglais na gcuariteanna sin a chur ar bun. Ba cheart aon cheanglas den sórt sin a chomhordú le Ballstáit eile agus ba cheart iad a bhunú agus a chur in iúl ar bhealach trédhearcach. Chun na críche deiridh sin, ba cheart do na Ballstáit pointí teagmhála a chur ar bun. Tá sé tábhachtach a mheas go bhféadfadh daoine a bheith ann nach mbeidh in ann cuairteanna taiscéalaíocha a dhéanamh ina n-aonair. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chuariteanna taiscéalaíocha den sórt sin a eagrú agus tacú leo.
- (8) Ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh ionas gur féidir le daoine a bhfuil deireadh tagtha lena gcosaint shealadach filleadh go deonach. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit cláir um fhilleadh deonach a chur ar bun. Chun a n-éifeachtacht a áirithiú agus chun rioscaí i dtaobh mí-úsáid a sheachaint, ba cheart na cláir sin a dheardh go cúramach agus a bheith cuimsitheacht agus curtha in iúl go maith, agus riachtanais agus acmhainneacht na hÚcráine á gcur san áireamh, chomh maith le riachtanas daoine easáitithe laistigh den Aontas agus staid na ndaoine a d'fhan san Úcráin chun seasamh leis an gcomhtháthú sóisialta. Ar an gcúis sin, ba cheart aon chlár den sórt sin tosaíocht a thabhairt do thacaíocht le haghaidh ath-imeascadh sna pobail, a mbeidh cistiú ón Aontas ar fáil ina leith san Úcráin, seachas pacáistí aonair. Ba cheart na coinníollacha maidir le hincháilitheacht do chlár den sórt sin a bhunú go soiléir, agus ba cheart a cheangal ar na daoine a bhfuil sé beartaithe acu tairbhiú díobh clárú. D'fhéadfadh na Ballstáit machnamh a dhéanamh, mar chuid de na cláir sin, ar chúnamh a thabhairt chun imeachtaí a eagrú, mar shampla i gcás ina bhfuil líon mór daoine easáitithe ag filleadh ar an limistéar céanna san Úcráin.
- (9) Cé gur cheart go mbeadh fad teoranta agus seasta ag baint leis na cláir sin um fhilleadh deonach, ba cheart dóthain ama a thabhairt leo chun comhordú iomchuí le húdarais na hÚcráine a áirithiú d'fhonn lánpháirtiú leordhóthanach de réir a chéile na ndaoine atá ag filleadh ina bpobail a éascú, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí agus saoráidí bunúsacha, amhail cóiríocht, tithíocht nó cúram leighis. Ar an gcúis sin, agus chun a áirithiú go ndéanfar fad tosaigh an chlár um fhilleadh deonach a chomhordú leis na Ballstáit uile agus le húdarais na hÚcráine, ba cheart foráil a dhéanamh sna cláir um fhilleadh deonach do thréimhse imeachta lena féidir na cuspóirí sin a bhaint amach, is

é sin tréimhse suas le 1 bhliain, b'fhéidir. Le linn na tréimhse sin, ba cheart cead a bheith ag daoine leanúint de bheith ina gcónaí go dleathach sa Bhallstát. Ós rud é go bhféadfadh athrú teacht ar na himthosca ar an láthair idir seo agus deireadh na cosanta sealadaí, mura leordhóthanach an t-am atá beartaithe chun ath-imeascadh inbhuanaithe de réir a chéile san Úcráin a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit comhordú a dhéanamh eatarthu féin agus le húdaráis na hÚcráine chun tréimhse éagsúil nó shínithe a leagan amach le haghaidh imeacht deonach faoi na cláir um fhilleadh deonach.

- (10) Chun laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhaineann le ceadanna cónaithe a d'fhéadfaí a eisiúint cás ar chás dóibh siúd atá cláraithe i gcláir um fhilleadh deonach, ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as an deis dá bhforáiltear faoi Airteagal 21(3) de Threoir 2001/55/CE chun cead a thabhairt do dhaoine a bhfuil cosaint shealadach acu agus a thairbhíonn de chlár um fhilleadh deonach na cearta a ghabhann le cosaint shealadach a leagtar síos i gCaibidil III de Threoir 2001/55/CE a leathnú chuig na daoine sin a bhfuil cosaint shealadach acu thar fhad na cosanta sealadaí go dtí an dáta fillte chuig an Úcráin nó go dtí deireadh na tréimhse le haghaidh imeachtaí deonacha faoin gclár um fhilleadh deonach. Ina theannta sin, chun leanúnachas a áirithiú agus cásanna a sheachaint ina mbeadh na daoine ag fanacht go neamhdhleathach díreach tar éis dheireadh na cosanta sealadaí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le daoine a thairbhígh de chosaint shealadach cónaí go dleathach ar chríoch an Bhallstáit sa tréimhse idir deireadh na cosanta sealadaí agus an tréimhse ama inar féidir le daoine clárú leis an gclár um fhilleadh deonach.
- (11) D'fhéadfadh sé nach mbeadh an Úcráin in ann, ag deireadh na cosanta sealadaí, freastal ar riachtanais daoine a bhfuil roinnt leochaileachtaí sonracha acu seachas sláinte freisin. Chun filleadh abhaile inbhuanaithe a áirithiú ina gcuirtear san áireamh cumas na hÚcráine freastal ar riachtanais grúpaí sonracha, ba cheart do na Ballstáit Airteagal 23(1) de Threoir 2001/55/CE a chur i bhfeidhm freisin maidir le daoine atá faoi réir leochaileachtaí seachas iad siúd a bhaineann le dálaí sláinte agus ba cheart dóibh na bearta is gá a dhéanamh maidir le coinníollacha chun leanúint dá gcónaí dlíthiúil. I gcás inarb ábhartha, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear riachtanais speisialta na ndaoine lena mbaineann san áireamh sna coinníollacha cónaithe.
- (12) Ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as na deiseanna dá bhforáiltear faoi Airteagal 23(2) de Threoir 2001/55/CE chun cead a thabhairt do dhaoine cónaí ar a gcríoch thar thréimhse na cosanta sealadaí, is é sin do theaghlaigh ar mionaoisigh iad a leanaí agus a fhreastalaíonn ar scoil i mBallstát.
- (13) Chun soláthar cuí faisnéise a ráthú agus chun cuidiú le daoine a bhfuil cosaint shealadach acu roghanna eolasacha a dhéanamh agus láneolas acu ar na fíorais, tá sé tábhachtach úsáid na n-uirlisí agus na mbealaí atá ann cheana a uasmhéadú agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint. Chun na críche sin, i gcás ina gcuirtear Moil Aontachta ar bun sna Ballstáit, ba cheart iad a úsáid chun faisnéis a sholáthar maidir leis an aistriú chuig stádais dhlíthiúla eile, cuairteanna taiscéalaíochta agus cláir um fhilleadh deonach. Chun tacú leis na Moil Aontachta, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na cistí faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶, lena

¹⁶ Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2021, lch. 1). <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32021R1147>.

n-áirítear na leithdháiltí breise a eascraíonn as an athbhreithniú meántearma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus as an athbhreithniú meántearma ar chláir na mBallstát faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht. D'fhéadfaí tacaíocht a fháil freisin ó eagraíochtaí inmheánacha agus ó thríú tíortha chun na críche sin. Chun na hiarrachtaí a chuíchóiriú, ba cheart do na Ballstáit an t-eolas, na hacmhainneachtaí agus na líonraí a thairgeann eagraíochtaí idirnáisiúnta a ionchorprú ina bpleananna aonair chun na Moil Aontachta a chur ar bun.

- (14) Chun cur chuige comhordaithe a áirithiú i measc na mBallstát agus le húdarais na hÚcráine maidir le cur chun feidhme an Mholta seo, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a chomhordú, a mhalartú agus faireachán a dhéanamh ar an staid ar an láthair i bhfóraim ábhartha éagsúla, lena n-áirítear san Ardán Dlíthpháirtíochta a dtabharfar cuireadh d'údarais na hÚcráine chuige, de réir mar is gá.
- (15) Ós rud é go dtiocfaidh athruithe móra ar stádas daoine easáitithe mar thoradh ar an aistriú amach as cosaint shealadach, tá sé fíor-riachtanach léargas cruinn a fháil ar an staid atá ag teacht chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a sonraí cosanta sealadaí a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus go tráthúil san Ardán Clárúcháin um Chosaint Shealadach, lena n-áirítear figiúirí maidir le clárúcháin neamhghníomhacha.
- (16) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fôgra tugtha ag Éirinn [i litir an ...] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Mholta seo.]

NÓ

[I gcomhréir le hAirteagail 1, 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an [gníomh] seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

- (17) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Mholta seo agus níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm,

AG MOLADH LEIS SEO:

Bearta chun an t-aistriú chuig stádais dhlíthiúla eile a chur chun cinn cheana féin roimh dheireadh na cosanta sealadaí

1. Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar stádais dhlíthiúla náisiúnta a chur chun cinn agus a éascú do dhaoine a bhfuil cosaint shealadach acu agus atá ag gabháil d'fhostaíocht, d'fhéinfhostaíocht, d'oiliúint ghairmiúil nó d'oideachas agus do thaighde i mBallstát nó a cháileodh do stádais dhlíthiúla náisiúnta ar chúiseanna teaghlaigh nó ar chúiseanna eile, agus a chomhlíonfadh na coinníollacha a leagtar amach sa dlí náisiúnta.
2. Ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt do dhaoine a bhfuil cosaint shealadach acu, go háirithe i gcás nach féidir rochtain a fháil ar stádais dhlíthiúla náisiúnta, agus a cháileodh murach sin do stádas eile bunaithe ar dhlí an Aontais, iarratas a dhéanamh

ar údaruithe a rialaítear faoi Threoracha (AE) 2016/801, (AE) 2021/1883 agus (AE) 2024/1233, ar choinníoll nach mbeadh an stádas sin acu i gcomhthráth le húdarú arna dheonú faoi na Treoracha sin. Ba cheart do na Ballstáit daoine a bhfuil cosaint shealadach acu a chur ar an eolas, a luaithe is féidir agus tráth an iarratais ar údarú ar a dhéanaí, faoin difríocht idir na cearta a thugtar faoin stádas cosanta sealadaí agus faoi na Treoracha sin. Ba cheart dóibh iad a chur ar an eolas freisin, a luaithe agus is féidir agus tráth an iarratais ar a dhéanaí, nach féidir leo tairbhiú de chosaint shealadach agus údarú a bheith deonta dóibh faoi na Treoracha sin i gcomhthráth.

Bearta chun an bealach a réiteach d'ath-imeascadh rianúil inbhuanaithe san Úcráin

3. Ba cheart do na Ballstáit cuairteanna taiscéalaíocha ar an Úcráin a cheadú ar bhonn féinchistithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Threoir 2001/55/CE. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) na paraiméadair nó na coinníollacha le haghaidh cuairteanna taiscéalaíocha a chur ar bun agus a chomhordú leis na Ballstáit eile.
 - (b) daoine a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh cuairteanna den sórt sin a dhéanamh a chur ar an eolas faoi na paraiméadair nó na coinníollacha. Ba cheart pointí teagmhála a chur ar bun chun na críche sin.
 - (c) breithniú a dhéanamh, i gcásanna nach mbeidh na daoine lena mbaineann in ann an chuairt thaiscéalaíoch a eagrú agus a chistiú astu féin, cuairteanna taiscéalaíocha den sórt sin a eagrú agus tacú leo.
4. Cláir um fhilleadh deonach a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle a bheidh le húsáid a luaithe a bheidh deireadh leis an gcosaint shealadach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) comhordú le húdaráis na hÚcráine a áirithiú chun ath-imeascadh sna pobail san Úcráin a éascú, amhail cóiríocht nó tithíocht a shainaithint, nó rochtain ar sheirbhísí bunúsacha agus ar bhonneagair bhunúsacha, lena n-áirítear cúram leighis.
 - (b) a áirithiú go dtabharfaidh tacaíocht faoi chláir um fhilleadh deonach tús áite do thacaíocht d'ath-imeascadh i bpobail san Úcráin, seachas do phacáistí aonair.
 - (c) na coinníollacha incháilitheachta a chur ar bun chun tairbhiú den chlár um fhilleadh deonach.
 - (d) a cheangal ar na daoine sin ar mian leo tairbhiú den chlár um fhilleadh deonach clárú i gclár den sórt sin ionas go mbeidh siad in ann tairbhiú de.
 - (e) tréimhse choincréiteach a chur ar bun a d'fhéadfadh a bheith suas le bliain amháin tar éis deireadh a theacht leis an gcosaint shealadach le haghaidh imeacht deonach faoin gclár. Comhordú a dhéanamh leis na Ballstáit eile agus le húdaráis na hÚcráine, agus i gcomhréir le pointe 8, i gcás, i bhfianaise na bhforbairtí ar an talamh, ina mbeadh gá le tréimhse éagsúil nó shínithe le haghaidh imeacht deonach faoin gclár, mura leordhóthanach an t-am dá bhforáiltear chun ath-imeascadh de réir a chéile agus inbhuanaithe daoine san Úcráin a áirithiú;
 - (f) leas a bhaint as an deis faoi Airteagal 21(3) de Threoir 2001/55/CE na cearta a ghabhann le cosaint shealadach a leagtar síos i gCaibidil III de Threoir 2001/555 a leathnú chuig na daoine sin a bhfuil cosaint shealadach acu

agus a thairbhíonn de chlár um fhilleadh deonach go dtí an dáta a fhilleann siad ar an Úcráin nó go dtí deireadh na tréimhse le haghaidh imeacht deonach faoin gelár. A áirithiú go leanfar de chónaí dlíthiúil idir an dáta a thiocfaidh deireadh leis an gcosaint shealadach agus an tréimhse inar féidir leis an duine clárú sa chlár sin;

- (g) féachaint an bhféadfaí cabhrú le himeachtaí a eagrú, go háirithe i gcás ina bhfilleann grúpaí móra daoine easáitithe ar an limistéar céanna san Úcráin.
5. Agus urraim chuí á tabhairt do dhínit an duine, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh maidir le coinníollacha cónaithe daoine nach gcomhlíonann na ceanglais chun rochtain a fháil ar stádais eile agus a bhfuil leochaileachtaí acu seachas na cinn a chumhdaítear faoi Airteagal 23(1) de Threoir 2001/55/CE go dtí gur féidir leis an Úcráin foráil a dhéanamh maidir le riachtanais speisialta na ndaoine sin. I gcás inarb ábhartha, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear a riachtanais speisialta san áireamh sna coinníollacha cónaithe.
6. Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 23(2) de Threoir 2001/55/CE, cead a thabhairt do theaghlaigh ar mionaoisigh iad a leanaí agus a fhreastalaíonn ar scoil i mBallstát tairbhiú de choinníollacha cónaithe lena gceadaítear do na leanaí lena mbaineann an tréimhse scoile reatha a chur i gcrích i gcás nach bhfuil dáta deiridh na cosanta sealadaí arna bhunú leis an gCinneadh ón gComhairle arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle ailínithe le deireadh na scoilbhliana.

Bearta chun soláthar faisnéise do dhaoine easáitithe a áirithiú

7. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear daoine easáitithe ar an eolas mar is ceart maidir leis na deiseanna chun aistriú chuig stádais dhlíthiúla eile, lena n-áirítear na buntáistí agus na cearta nuair a aistrítear chuig na stádais sin, chomh maith leis an staid san Úcráin, na ceanglais maidir le cuairteanna taiscéalaíocha agus an tacaíocht atá ar fáil san Aontas agus san Úcráin chun dul abhaile. I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) córais agus nósanna imeachta cumarsáide náisiúnta tapa a chur ar bun, amhail pointí teagmhála, nó feachtas faisnéise;
 - (b) i gcás na mBallstát sin a bhfuil sé beartaithe acu Mol Aontachta a chur ar bun ar a gcríoch i gcomhar le húdaráis na hÚcráine, úsáid a bhaint as na Moil Aontachta sin chun an fhaisnéis ábhartha a sholáthar do dhaoine easáitithe. An t-eolas, na hacmhainneachtaí agus na líonraí a chuireann eagraíochtaí idirnáisiúnta ar fáil a ionchorprú sa phlean náisiúnta chun Moil Aontachta a chur ar bun.
 - (c) machnamh a dhéanamh ar úsáid a bhaint as clár an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, lena n-áirítear na leithdháiltí breise a eascraíonn as an athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus as an athbhreithniú lár téarma ar chláir náisiúnta, chun tacú leis na Moil Aontachta.

Bearta chun comhordú, faireachán agus malartú faisnéise a áirithiú i measc na mBallstát agus le húdaráis na hÚcráine

8. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a chomhordú agus a mhalartú maidir le forbairtí ábhartha agus maidir le cur chun feidhme an Mholta seo i measc na mBallstát agus le húdaráis na hÚcráine, lena n-áirítear faoi chuimsiú an Ardáin Dlúthpháirtíochta a dtabharfar cuireadh d'údaráis na hÚcráine chuige, de réir mar is gá.

9. Ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na forbairtí agus an fhaisnéis ábhartha maidir le stádas daoine easáitithe sna bunachair sonraí ábhartha a thabhairt cothrom le dáta go tráthúil agus go tráthrialta, lena n-áirítear san Ardán um Chlárú maidir le Cosaint Shealadach, go háirithe maidir le líon na dtairbhíthe de chosaint shealadach nó de chosaint leordhóthanach faoin dlí náisiúnta i gcríoch an Bhallstáit, líon na ndaoine a d'aistrigh chuig stádais eile agus nach dtairbhíonn a thuilleadh de chosaint shealadach ná de chosaint leordhóthanach faoin dlí náisiúnta, agus líon na ndaoine a bhfuil a gclárúithe neamhghníomhach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*